**Comhdháil ar Dhlí Teaghlaigh an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil 2011.**

Tá áthas ar an mBord um Chúnamh Dlíthiúil a fhógairt go mbeidh sé ag óstáil Comhdháil ar Dhlí Teaghlaigh **Dé Máirt 21 Meitheamh 2011** san Ashling Hotel, Baile Átha Cliath (gar do Stáisiún Heuston).

Is é seo téama Chomhdháil na bliana seo:

> ***"Leas Leanaí Leochaileacha a Chosaint - Ról an Stáit agus Próiseas na Cúirte".***

Tá cóip de Chlár na Comhdhála leagtha amach thíos. Beidh suim ar leith ag cleachtóirí dlí a chleachtann i réimse an dlí teaghlaigh san imeacht seo. **Tá seacht bpointe CPD ar fáil le freastal ar an gComhdháil.**

Ba chóir d'aon duine ar spéis leo freastal ar an gComhdháil a gcuid sonraí teagmhála, lena n-áirítear seoladh ríomhphoist, agus **seic €100 in ainm "An Bord um Chúnamh Dlíthiúil"** a sheoladh chuig:

*An tUasal Teresa Doyle,*
*An tAonad Forbartha agus Foghlama,*
*An Bord um Chúnamh Dlíthiúil,*
*47 Sráid an Mhóta Uachtarach,*
*Baile Átha Cliath 2.*

De bhrí go bhfuil líon na n-áiteanna teoranta, tabharfar tús áite do na chéad daoine a bheidh i láthair ach táille na comhdhála a bheith faighte uathu.

Déanfar gach iarratas a admháil agus eiseofar deimhnithe maidir le freastal ar ríomhphost.

Má tá aon fhiosrúcháin eile agat, téigh i dteagmháil le Teresa Doyle ag 01 – 6441909 nó seol ríomhphost chuig ***tmdoyle@legalaidboard.ie.***

**An Bord um Chúnamh Dlíthiúil - Comhdháil ar Dhlí Teaghlaigh 2011.**

**Clár na Comhdhála.**

| | |
|---|---|
| **Dáta agus ionad:** | **Dé Máirt 21 Meitheamh 2011 san Ashling Hotel, Baile Átha Cliath** |
| **Téama** | Leas leanaí leochaileacha a chosaint - ról an Stáit agus próiseas na Cúirte. |
| **Tráthchlár** | |
| 8.30rn - 9.30rn | Clárú & Tae/Caifé nuair a thagann lucht na Comhdhála isteach |
| 9.30 rn - 9:35rn | Réamhrá leis an Dr Moling Ryan, Príomhfheidhmeannach (Cathaoirleach na Comhdhála). |
| 9.35 rn – 9.55 rn | Aitheasc leis an Uasal Frances Fitzgerald, T.D., An tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige |
| 9.55 rn – 10.40 rn | An tUasal Emily Logan, An tOmbudsman do Leanaí – Ról Oifig an Ombudsman agus tuairimí leanaí ar cad é an rud is fearr dóibhsean - cén bhéim ba chóir dúinn a chur orthu? |
| 10.40 rn – 11.25 rn | Gordon Jeyes, Stiúrthóir Náisiúnta Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh, FSS – Cén uair is fearr do leanbh a bheith faoi chúram? |
| 11.25 rn – 11.50 rn | Briseadh |
| 11.50rn – 12.20 in | Robin Balbernie, Síciteiripeoir Chomhairleach do Leanaí agus d'Ógánaigh, Foireann Meabhairshláinte Naíonáin Secure Start. NHS, UK – *Circuits and Circumstances, the consequences for early relations* – Léargas ó Néarbhitheolaíocht Idirphearsanta |
| 12.20 in – 12.45 in | Seisiún Ceisteanna agus Freagraí ina mbeidh cainteoirí na maidine páirteach |
| 12.45 in – 2.15 in | Lón & Líonrú |
| 2.15 in – 2.40 in | An tUasal Anne Colley, Cathaoirleach an Bhoird – ról an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil in imeachtaí cúram leanaí |

| | |
|---|---|
| 2.40in – 3.10in | An tUasal Colm Roberts, Aturnae Bainistíochta, An Bord um Chúnamh Dlíthiúil – Imeachtaí de bhun Chuid IV den Acht um Chúram Leanaí, 1991 agus peirspictíocht an tuismitheora - an bhfuil aon chumhacht ag an tuismitheoir i ndáiríre? |
| 3.10in – 3.45in | An tUasal Freda McKittrick, Barnardos - Ról an Chaomhnóra ad litem - tuairim a thabhairt ar leas an linbh nó tuairimí an linbh a thabhairt? |
| 3.45in - 4.00in | Briseadh |
| 4.00 in – 4.30 in | An Breitheamh E. Gerard Furlong - Imeachtaí Cúram Leanaí - ról na Cúirte? |
| 4.30in – 5.00 in | Plé i measc an phainéil agus Ceisteanna & Freagraí |
| 5.00 in | Clabhsúr na Comhdhála. |

**7 bpointe CPD ar fáil d'aturnaetha.**